



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Teach na Cúirte Sráid Anglesea, Corcaigh



Fiosrúithe

Oifig Cúirte Chorcaigh - Coiriúil

Teach na Cúirte, Sráid Anglesea, CORCAIGH. T12 VY3F

TeIl: +353 21 238 9900

r-Phost: corkangleseastreet@courts.ie

Uaireanta oscailte an hOifige :

Dé Luain go dtí an Aoine:

9.15 r.n. - 1.00 i.n.

agus

1.45 i.n. - 4.00 i.n.

Foilsithe ag

Oifig Eolais na Seirbhíse Cúirteanna

www.courts.ie

Bealtaine 2018



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Mar chuid den fhorbairt de theach na cúirte ar Shráid Anglesea tá síneadh curtha le cúl na hiarscoile, An Modh Scoil Corcaigh. Tá feidhmiú theach na cúirte suite sa síneadh; seomraí na cúirte, ionad choimeádta, seomraí an ghiúiré agus cóiríocht na mbreithiúna. Tá feidhmeanna riaracháin teach na cúirte suite sa Mhodh Scoil féin.

Cuireann athchóiriú na Modh Scoile leagan amach bunaidh na scoile ar ais. Úsáidtear na hiarsheomraí ranga a bhfuil síleálacha arda iontu mar oifigí plean oscailte agus seomraí le haghaidh oiliúna foirne anois. Sna seomraí seo, cuireadh béim ar leith ar na trusanna dín galánta a athchóiriú. Ba iad príomheilimintí an athchóirithe ar an taobh amuigh an obair bhrící, an obair chloiche, na sclátaí ar an díon agus an obair luaidhe. Bhí gá le cuardach leathan chun ábhair atá go díreach mar an gcéanna a aimsiú chun na heilimintí seo a athchóiriú. Ba dhúshlán ar leith é tús na Modh Scoile a athchóiriú mar gheall ar a airde agus ar leibhéal na mionghnéithe cloiche agus brící a deisíodh. Is léiriú ar chumas agus ar thiomantas na bhfoirne dearaidh agus tógála é caighdeán na saoirseachta san athchóiriú.




Is bloc dealbhaithe aolchloiche é an síneadh nua agus tugann a dhearadh le fios tábhacht d'fheidhm poiblí an fhoirgnimh. Tá sé clúdaithe le haolchloch a roghnaíodh ó chairéal sa Leathcheathrú i gContae Ros Comáin agus téann an aolchloch seo le dath bánghlas na haolchloiche i gCorcaigh. Tugann an foirgneamh aird ar chruth agus patrún na sráid-dreach máguaird agus ar airdí na Modh Scoile. Mar shampla, níl formhór an fhoirgnimh níos airde ná túr na Modh Scoile. Scarann clós nua tírdhreachaithe an síneadh nua ón Modh Scoil.

Tá sé mar aidhm leis an ionad nua aird a thabhairt ar ár n-oidhreacht thógtha, a bhfuil An Modh Scoil ina sárshampla de, agus an oidhreacht seo a chur i gcodarsnacht le foirgneamh nua-aimseartha déanta as aolchloch Éireannach chun teach na cúirte nua-aimseartha a sholáthar do Chathair Chorcaí.

Stair an fhoirgnimh


Bunaíodh an Modh Scoil do Chorcaigh ag Bord Náisiúnta Oideachais na hÉireann i 1864. Is sliocht é seo a leanas as Illustrated London News Vol. XLVII 1865.

'Cuireadh tús le hobair thógála don bhfoirgneamh, a léirítear i gceann dár léaráidí, i mí Eanáir 1864 agus críochnaíodh é sa samhradh seo. Ba é an tUasal E. T. Owen an t-ailtire agus rinne an tUasal James Delvin, an conraitheoir, an obair de réir dearaidh an ailtire; ba é an



tUasal P. Lynch cléireach na hoibre. Is stíl Iodálach é stíl na hailtireachta, is brící dearga agus dubha iad na hábhair, le cóirithe cloiche Portland agus mullaí cholúin dealbhaithe agus colúin aolchloiche.

Tá an taobh istigh roinnte i dtrí cheantar—scoil na mbuachaillí, scoil na gcaoilíní agus scoil an naíonán, agus tá siad scartha go soiléir óna gcéile. Is é fad iomlán aghaidh an fhoirgnimh 291 troigh, gan na clóis ná na ráillí a chur san áireamh. Tá túr 60 troigh ar airde sa lár, a bhfuil a urlár uachtair ceaptha a bheith ina réadlann do na hardranganna i rannóg na mbuachaillí.



Tá scoil na mbuachaillí 60 troigh ar fhad agus 30 troigh ar leithead; tá scoil na gcaoilíní 40 troithe agus 30 troithe. Tá scoile mhuirí ann chomh maith, 40 troigh ar fhad agus 25 troigh ar leithead, le ceithre sheomra ranga, leithreas, seomra na gcaipíní agus seomra na gcótaí.

Tá an scoil naíonán 48 troigh ar fhad agus 25 troigh ar leithead, le seomra ranga amháin, leithreas, agus seomra do chlócaí agus boinéid.

Tá seid mhór fhairsing le taobh gach seomra ranga agus tá páirceanna móra spraoi agus gach cóiríocht riachtanach.'